2025/199

30.1.2025

CINNEADH (CBES) 2025/199 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 28 Eanáir 2025

maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/2763 (EUNAVFOR ASPIDES/1/2025)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/583, lenar bunaíodh oibríocht muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES).

(2) De bhun Airteagal 4(2) de Chinneadh (CBES) 2024/583, d'údaraigh an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh ar EUNAVFOR ASPIDES ('Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh').

(3) An 22 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/2763 ([2]), lenar ceapadh an Ceannasóir Konstantinos PITYKAKIS ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ón 1 Samhain 2024.

(4) An 15 Eanáir 2025, mhol údaráis mhíleata na Gréige an Ceannasóir Michail PANTOUVAKIS a cheapadh i gcomharbas ar an Ceannasóir Konstantinos PITYKAKIS, ina Cheannasaí Fórsa an Aontais ('an ceapachán molta') ón 2 Feabhra 2025 ar aghaidh.

(5) An 15 Eanáir 2025, thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR ASPIDES leis an gceapachán molta sin.

(6) An 20 Eanáir 2025, thacaigh Coiste Míleata an Aontais leis an gceapachán molta agus chomhaontaigh siad go gceapfar an Ceannasóir Michail PANTOUVAKIS ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCeannasóir Michail PANTOUVAKIS a cheapadh ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(8) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/2763 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar an Ceannasóir Michail PANTOUVAKIS ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht slándála muirí an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) amhail ón 2 Feabhra 2025.

Airteagal 2

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2024/2763 a aisghairm.

([1]) IO L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/2763 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 22 Deireadh Fómhair 2024 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh ar oibríocht slándála muirí an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a choimirciú i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/2038 (EUNAVFOR ASPIDES/4/2024) (IO L, 2024/2763, 28.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2763/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 2 Feabhra 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Eanair 2025.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK